Leagann Caibidil 3 den LAP seo amach an comhthéacs beartais phleanála níos leithne maidir le soláthar talamh tithíochta don Chlochán Liath, mar atá i gCroístraitéis an Dréacht-CDP. Tugann an Chroístraitéis cur síos ar cheanglas chun 10.2 heicteár talamh cónaitheach a aithint don Chlochán Liath. Chun an ceantar riachtanach de thalamh cónaitheach a aithint, rinne an tÚdarás Pleanála anailís ar na tailte a bhí ar fáil laistigh den cheantar uirbeach. Ar na critéir a úsáideadh san anailís áiríodh 'inter alia' – gaireacht do chroí an bhaile agus do sheirbhísí ríthábhachtacha, castacht úinéireacht na talún, comhoiriúnacht le húsáidí talún máguaird laistigh den cheantar lonnaíochta uirbeach. Áiríodh sa mheasúnú freisin scrúdú ar shaincheisteanna tuile ionchasacha, bunaithe ar thuarascáil 'Riosca agus Measúnú Tuilte Dobharcheantair' 2017 de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí 2017. Aithnítear na láithreáin a roghnaíodh i rith an phróisis mar 'Cónaitheach go Príomha' ar an Léarscáil Criosaithe Úsáide Talún (tagraíonn Léarscáil 2).

I dteannta tailte a aithint atá oiriúnach d'fhorbairt chónaitheach 'céad chéime', aithníodh ~~láithreán~~ dhá láithreán a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach d'fhorbairt tithíochta ar dhlús íseal sa bhfadtéarma mar thoradh ar an measúnú freisin. Tá na tailte seo criosaithe mar 'Tithíocht ar Dhlús Íseal' ar an Léarscáil Chriosaithe Úsáide Talún.

Tábla 4.1: Na Tailte Iomlána a Aithníodh chun Freastal ar Riachtanas Tithíochta Cónaithí sa Chlochán Liath

Tag Láith-reáin	Criosaithe mar 'Cónaitheach go Príomha' nó 'Cónaitheach Ísealdlúis' ~~nó 'Láithreán Deise'~~	Achar an láithreáin (ha)	Líon ionchasach na n-aonad tithíochta le seachadadh
PR 1	Cónaitheach go Príomha	1.021 ~~1.01~~	12
PR 2	Cónaitheach go Príomha	1.296 ~~0.98~~	16 ~~11~~
PR 3	Cónaitheach go Príomha	1.780	21
PR 4	Cónaitheach go Príomha	2.946 ~~2.93~~	35
PR 5	Cónaitheach go Príomha	1.228 ~~1.23~~	15 ~~14~~
PR 6	Cónaitheach go Príomha	3.416 ~~3.57~~	41 ~~42~~
PR 7	Cónaitheach go Príomha	0.97 ~~0.79~~	12 ~~3~~
PR 8	Cónaitheach go Príomha	2.12	25
	Iomlán 'Cónaitheach go Príomha'	**14.78 ~~12.29~~**	**177 ~~138~~**
LDR 1	Cónaitheach ar Dhlús Íseal	0.636 ~~0.58~~	5 ~~4~~
LDR 2	Cónaitheach ar Dhlús Íseal	0.646	5
	Iomlán 'Cónaitheach ar Dhlús Íseal'	**1.28 ~~0.58~~**	**10 4**

Bealach Féich – Srath an Urláir

5.6.2 Modheolaíocht d'Aithint Tailte Tithíochta

Chun na 39 heicteár de thalamh cónaitheach a theastaíonn sna Bailte Cúplacha a aithint, rinneadh anailís ar na tailte a bhí ar fáil taobh istigh de na cúig fhocheantar a aithníodh thuas a bheag nó a mhór, agus a n-oiriúnacht. Ar na critéir a úsáideadh san anailís áiríodh, inter alia, - fad na dtailte ó lár an bhaile; comhoiriúnacht le húsáidí talún in aice láimhe; láithreáin a bhfuil tábhacht caomhnaithe leo a bheith ann; fóinteacht maidir le dramhuisce agus uisce; inrochtaineacht agus leochaileacht amhairc mar shampla. Ag éirí as an measúnú seo tá na tailte is oiriúnaí don tithíocht laistigh de Bhealach Féich agus Srath an Urláir comhdhéanta de chomhcheangal tailte criosaithe mar 'Cónaitheach go Príomha', Cónaitheach ar Ísealdhlús' agus 2 cheantar eile talún a aithníodh mar 'Láithreáin Deise 2 agus 4' a bhfuil acmhainn iontu d'fhorbairt úsáide measctha lena n-áirítear gné d'úsáidí talún cónaithí. Léiríonn Tábla5.1 go gcuirtear beagnach 30 heicteár ~~25 heicteár~~ talún in iomlán sna Bailte Cúpla ar fáil trí aithint tailte 'Cónaitheach go Príomha', leis an acmhainn thart ar 356 ~~290~~ aonad cónaitheach, 37 aonad Cónaitheach ar Dhlús Íseal a sheachadadh, agus táthar tar éis díriú ar bhreis agus 150 aonad do sheachadadh trí Láithreáin Deise 2 agus 4. Mar a léirítear i gCaibidil 2 den LAP seo, tá leibhéal soláthar talún i mBealach Féich-Srath an Urláir chun críocha forbartha cónaithí ag teacht le Croístraitéis an Dréacht-CPD.

Tábla 5.1: Iomlán na Talún Aitheanta chun Freastal ar Riachtanas Tithíochta Cónaithí i mBealach Féich-Srath an Urláir

Tag Láith-reáin	Criosaithe mar 'Cónaitheach go Príomha', 'Cónaitheach Ísealdlúis' ~~nó 'Láithreán Deise'~~	Achar an láithreáin (ha)	Líon ionchasach na n-aonad tithíochta le seachadadh
PR1	Cónaitheach go Príomha	1.689 ~~1.78~~	20 ~~21~~
PR2	Cónaitheach go Príomha	3.869 ~~3.86~~	46
PR3	Cónaitheach go Príomha	5.272 ~~5.27~~	63
PR4	Cónaitheach go Príomha	3.325 ~~3.32~~	40
PR5	Cónaitheach go Príomha	2.159 ~~2.17~~	26
PR6	Cónaitheach go Príomha	3.755 ~~2.94~~	45 ~~35~~
PR7	Cónaitheach go Príomha	1.229 ~~1.22~~	15 ~~14~~
PR8*	Cónaitheach go Príomha	4.39 ~~1.36~~	53 ~~16~~
PR9	Cónaitheach go Príomha	2.684 ~~2.67~~	32
PR10**	Cónaitheach go Príomha	1.336	16
	Iomlán 'Cónaitheach go Príomha'	**29.70 ~~24.59~~**	**356 ~~292~~**
LDR1	Cónaitheach Ísealdlúis	3.025 ~~3.02~~	24 ~~22~~
LDR2	Cónaitheach Ísealdlúis	1.055 ~~1.05~~	8 ~~8~~
LDR3	Cónaitheach Ísealdlúis	0.592 ~~0.59~~	5
	Iomlán 'Cónaitheach Ísealdlúis'	**4.67 ~~4.66~~**	**37 ~~35~~**
OPP2	Láithreán Deise	6.47	78
OPP4	Láithreán Deise	6.52	78
	Iomlán 'Láithreán Deise'	**12.99**	**156**

Nótaí:

* Níor aithníodh láithreán PR8 sa Dréachtléarscáil. Is trí bhotún a rinneadh tagairt do PR8 i dTábla 5.1 sa Dréachtphlean. Tá an láithreán a dtagraítear dó anois mar PR8 san Athrú Ábhartha Beartaithe de réir an láithreáin sin mar a aithnítear é ar an léarscáil a bhaineann leis an Athrú Ábhartha Beartaithe.

** Níor aithníodh láithreán PR10 i dTábla 5.1 sa Dréachtphlean. Tá an láithreán a dtagraítear dó anois mar PRI0 san Athrú Ábhartha Beartaithe de réir an láithreáin sin mar a aithnítear é i dTábla 5.1 thuas.

Béal Átha Seanaidh

6.6.2 Modheolaíocht d'Aitheantas Tailte Tithíochta

Chun an 19 heicteár de thalamh cónaitheach a theastaíonn i mBéal Átha Seanaidh a aithint, rinneadh anailís ar na tailte a bhí ar fáil laistigh de theorainn shainithe an phlean agus a n-oiriúnacht don fhorbairt chónaitheach. Ar na critéir a úsáideadh san anailís áiríodh, inter alia, – fad tailte ó lár an bhaile; comhoiriúnacht le húsáidí talún tadhlaí; láithreáin a bhfuil tábhacht chaomhnaithe leo a bheith ann; seirbhísiú maidir le dramhuisce agus uisce; inrochtaineacht agus leochaileacht amhairc, mar shamplaí. Ag éirí as an measúnú seo tá na tailte is oiriúnaí don tithíocht laistigh de Bhéal Átha Seanaidh ~~comhdhéanta~~ de thailte atá criosaithe mar 'Cónaitheach go Príomha' ~~agus 2 cheantar eile talún a aithníodh mar 'Láithreáin Deise 4' agus '6' a bhfuil an t-ionchas acu d'fhorbairt úsáide measctha lena n-áirítear gné d'úsáidí talún cónaithí~~. Léiríonn Tábla 6.1 go gcuirtear ~~17~~ 21.85 heicteár talún in iomlán i mBéal Átha Seanaidh ar fáil trí aithint tailte 'Cónaitheach go Príomha', leis an gcumas thart ar 260 ~~204~~ aonad cónaitheach a sheachadadh agus tá ~~thart ar 24 aonad in iomlán dírithe ar sheachadadh trí Láithreáin Deise 4 agus 6~~. Mar a léirítear i gcuid 2 den LAP seo, tá leibhéal an tsoláthair talún i mBéal Átha Seanaidh chun críocha forbartha cónaithí ag teacht le Croístraitéis an Dréacht-CDP.

Tábla 6.1: Iomlán na dTailte a Aithníodh le Freastal ar an Riachtanas Tithíochta Cónaithí i mBéal Átha Seanaidh

Tag Láith-reáin	Criosaithe mar 'Chónaitheach go Príomha' ~~nó 'Láithreán Deise'~~	Achar an láithreáin (ha)	Líon ionchasach na n-aonad tithíochta atá le seachadadh
~~PR1*~~	~~Cónaitheach go Príomha~~	~~3.2~~	~~38~~
PR1*	Cónaitheach go Príomha	1.559	19
PR2	Cónaitheach go Príomha	2.337 ~~2.3~~	28 ~~27~~
PR3	Cónaitheach go Príomha	1.441 ~~1.4~~	17
PR4	Cónaitheach go Príomha	0.775 ~~0.7~~	9 ~~8~~
PR5	Cónaitheach go Príomha	0.263 ~~0.2~~	3 ~~2~~
PR6	Cónaitheach go Príomha	1.804 ~~1.8~~	21 ~~22~~
PR7	Cónaitheach go Príomha	1.676 ~~1.6~~	20 ~~19~~
PR8	Cónaitheach go Príomha	3.093 ~~3.0~~	37 ~~36~~
PR9	Cónaitheach go Príomha	5.191 ~~1.5~~	62 ~~18~~
PR10	Cónaitheach go Príomha	1.445	17
PR11	Cónaitheach go Príomha	2.257	27
	Iomlán 'Cónaitheach go Príomha'	**21.85 ~~17.1~~**	**260 ~~204~~**
~~Opp 4~~	~~Láithreán Deise~~	~~1.0~~	~~18~~
~~Opp 6~~	~~Láithreán Deise~~	~~0.3~~	~~6~~
	~~**Iomlán 'Láithreán Deise'**~~	~~0~~	~~0~~

Nótaí:

* Tá láithreán 'bunaidh' PR1 a aithnítear sa Dréachtphlean faoi réir ag Athrú Ábhartha Beartaithe (tagraíonn BYMA15) (Déan tagairt do líne 1 i dtábla 6.1 thuas) le hathchriosú ó 'Cónaitheach go Príomha' agus 'Timpeallacht Áitiúil' go 'Áineas agus Taitneamhacht' agus mar sin ní mór é a fhágáil ar lár as an tábla seo.

Tá láithreán difriúil/athsholáthair aitheanta anois (tagraíonn Athrú Ábhartha Beartaithe BYMA17) mar PR1 (Déan tagairt do Líne 2 i dtábla 6.1 thuas).

Ullmhaíodh Tábla 6.1 leasaithe agus súil leis an dá Athrú Ábhartha Beartaithe a bheith ionchorpraithe isteach sa Phlean Deiridh a nglacfar leis. Sa chás nach dtarlaíonn an méid sin, ansin beidh gá le cuairt a thabhairt an athuair ar Thábla 6.1.

Carn Domhnach

8.7.2 Aithint Tailte Tithíochta

Ar mhaithe leis na láithreáin is cuí d'fhorbairt chónaitheach a aithint, thug an tÚdarás Pleanála faoi anailís ar thailte a bhí ar fáil laistigh de theorainn sonrach an bhaile. Áirítear ar an gcritéar ar baineadh úsáid as san anailís, inter alia – iniúchadh ar shaincheisteanna maidir le tuilte a d'fhéadfadh a bheith ann, bunaithe ar chlár Staidéir Measúnaithe i gcás Tuilte Dobharcheantar (CFRAM) Oifig na nOibreacha Poiblí; achar na dtailte ó lár an bhaile; comhoiriúnacht le húsáidí tailte atá cóngarach; láithreáin lena mbaineann tábhacht chaomhnaithe; inrochtaineacht agus leochaileacht amhairc. Chomh maith leis an measúnú seo, tá na tailte aitheanta ag an Údarás Pleanála a mheastar a bheith ar na tailte is oiriúnaí do thithíocht laistigh den bhaile agus tá na tailte sin (a chuimsíonn 23.1 heicteár ar an iomlán) criosaithe mar 'Cónaitheach go Príomha' nó mar 'Láithreán Deise' ar Léarscáil criosaithe úsáid talún a 5 atá ag gabháil leis. Admhaíonn an Chomhairle go bhfuil an réimse iomlán talamh tithíochta a d'fhéadfadh a bheith ann ~~beagáinín~~ níos airde ná an riachtanas de 21 heicteár atá aitheanta i gCroístraitéis an Dréachtphlean Forbartha 2018-2024; cuirfear cur chuige monatóireachta i bhfeidhm, áfach, ar mhaithe lena cinntiú nach bhfuiltear ag imeacht ar bhealach ar bith ó chuspóirí agus ó spriocanna na Croístraitéise.

Chomh maith leis na tailte atá oiriúnach don 'chéad chéim' den fhorbairt tithíochta, tá tailte aitheanta ag an Údarás Pleanála a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach d'fhorbairt tithíochta sa mheántéarma go fadtéarma agus tá na tailte seo criosaithe mar 'Fhorchoimeád Straitéiseach Cónaithe' atá ar an léarscáil chriosaithe úsáid talún atá in éineacht leis an bPlean Ceantair Áitiúil seo (Léarscáil 5). Féachtar ar Fhorchoimeád Straitéiseach Cónaithe mar bhunachar talún fadtéarmach le freastal ar leathnú Charn Domhnach amach anseo seachas bealach le haghaidh a thabhairt ar na riachtanais tithíochta reatha laistigh den bhaile. Dá réir sin, ní bhreithneofar tograí chun forbairt a dhéanamh ar go leor tithe le chéile (m.sh. 2 áitreabh nó níos mó) ar thalamh atá criosaithe mar 'Fhorchoimeád Straitéiseach Cónaithe' le linn saolré an Plean Ceantair Áitiúil seo. Déanfar athbhreithniú ina áit sin ar scaoileadh na dtailte sin ar mhaithe le lear mór tithíochta le linn athbhreithnithe ar an bPlean Ceantair Áitiúil amach anseo agus déanfar athbhreithniú agus bainistíocht ar an gcás trí chur chuige faoi stiúir fianaise atá soiléir agus trédhearcach a mbeidh, inter alia, measúnú ar iontógáil na talún atá criosaithe mar 'Cónaitheach' i gceist leis.

Tábla 8.1: Iomlán na dTailte atá Aitheanta chun Freastal ar Riachtanas Tithíocht Chónaitheach i gCarn Domhnach

~~**Iomlán na Heicteáir de Thalamh atá Criosaithe d'Fhorbairt Chónaithe i gCarn Domhnach**~~	
~~Tailte atá Criosaithe Cónaitheach go Príomha~~	~~13.39 Heict~~
~~Tailte atá Criosaithe mar Láithreán Deise a thugann deis maidir le Forbairt Chónaitheach freisin~~	~~8.71 Heict~~
~~**Iomlán na dTailte Cónaitheach**~~	~~**23.1 Heict**~~

Table 8.1: Iomlán na dTailte atá Aitheanta chun Freastal ar Riachtanas Tithíocht Chónaitheach i gCarn Domhnach

Tag Láith-reáin	Criosaithe mar 'Chónaitheach go Príomha' no 'Láithreán Deise'	Achar an láithreáin (ha)	Líon ionchasach na n-aonad tithíochta atá le seachadadh
PR1	Cónaitheach go Príomha	1.722	21
PR2	Cónaitheach go Príomha	1.853	22
PR3	Cónaitheach go Príomha	2.576	31
PR4	Cónaitheach go Príomha	1.694	20
PR5	Cónaitheach go Príomha	0.532	6
PR6	Cónaitheach go Príomha	1.238	15
PR7	Cónaitheach go Príomha	0.999	12
PR8	Cónaitheach go Príomha	0.934	11
PR9	Cónaitheach go Príomha	2.00	24
PR10	Cónaitheach go Príomha	1.55	19
	Iomlán 'Cónaitheach go Príomha'	**15.10 ~~13.39~~**	**181**
OPP1	Láithreán Deise 1	1.0	12
OPP2	Láithreán Deise 2	0.4	5
OPP3	Láithreán Deise 3	2.19	26
OPP4	Láithreán Deise 4	1.0	12
OPP5	Láithreán Deise 5	2.5	30
OPP6	Láithreán Deise 6	0.9	11
OPP7	Láithreán Deise 7	0.42	5
Cnoc na Beairice	Cnoc na Beairice	1.0	12
	Iomlán 'Láithreán Deise'	**9.41 ~~8.71~~**	**113**

Baile Dhún na nGall

9.6.2 Modheolaíocht d'Aitheantas Tailte Tithíochta

Ar mhaithe le 21 heicteár de thalamh cónaitheach a bhfuil gá leis i mBaile Dhún na nGall a aithint, tugadh faoi anailís ar na tailte atá ar fáil agus a n-oiriúnacht d'fhorbairt chónaitheach laistigh de theorainn sonraithe an phlean. Áirítear ar an gcritéar ar baineadh úsáid as san anailís, inter alia, – achar na dtailte ó lár an bhaile; comhoiriúnacht le húsáidí tailte atá cóngarach; baol tuilte; láithreacht láithreáin lena mbaineann tábhacht caomhnaithe; leibhéal fóinteachta maidir le dramhuisce agus uisce; inrochtaineacht agus leochaileacht amhairc mar shamplaí. Tá na tailte is oiriúnaí do thithíocht laistigh de Bhaile Dhún na nGall, a d'eascair ón measúnú seo, déanta suas ~~de mheascán~~ de thailte atá criosaithe mar 'Cónaitheach go Príomha' ~~agus cuid 1 de limistéar talún eile atá aitheanta mar 'Láithreán Deise 1' ag a bhfuil an acmhainn d'fhorbairt úsáid measctha, lena n-áirítear gné d'úsáidí talamh cónaitheach.~~ Taispeánann Tábla 9.1 go bhfuil 24.96 ~~22~~ heicteár talún ar an iomlán i nDún na nGall curtha ar fáil trí thailte 'Cónaitheach go Príomha' a aithint, leis an acmhainn thart ar 299 ~~263~~ aonad cónaitheach a sheachadadh ~~agus táthar ag díriú le thart ar 5 aonad ar an iomlán a sheachadadh trí Láithreán Deise 1~~. Mar a thaispeántar i gCaibidil 2 den LAP seo, tá an leibhéal soláthar talún i nDún na nGall do chríocha forbairt chónaitheach ag teacht le Croístraitéis an Dréacht-CDP.

Table 9.1: Iomlán na dTailte atá Aitheanta chun Freastal ar Riachtanais Chónaitheacha i mBaile Dhún na nGall

Tag Láith-reáin	Criosaithe mar 'Chónaitheach go Príomha' ~~nó mar 'Láithreán Deise'~~	Achar an láithreáin (ha)	Líon ionchasach na n-aonad tithíochta atá le seachadadh
PR1	Cónaitheach go Príomha	0.2205 ~~0.2~~	3 ~~2~~
PR2	Cónaitheach go Príomha	1.267 ~~1.2~~	15 ~~14~~
PR3	Cónaitheach go Príomha	3.998 ~~3.9~~	48 ~~47~~
PR4	Cónaitheach go Príomha	4.835 ~~4.9~~	58 ~~59~~
PR5	Cónaitheach go Príomha	4.882 ~~5.1~~	58 ~~61~~
PR6	Cónaitheach go Príomha	6.283 ~~6.7~~	75 ~~80~~
PR7	Cónaitheach go Príomha	0.567	7
PR8	Cónaitheach go Príomha	2.908	35
~~OPP1~~	~~Láithreán Deise~~	~~6.6 (Part of)~~	~~5~~
	Iomlán 'Cónaitheach go Príomha'	**24.96 ~~22~~**	**299 ~~263~~**

Na Cealla Beaga

10.6.2 Aithint Tailte Tithíochta

Thug an tÚdarás Pleanála faoi anailís ar na tailte atá ar fáil laistigh de theorainn sonrach an bhaile ar mhaithe le 10 Heicteár de thalamh cónaitheach atá riachtanach sna Cealla Beaga aithint. Áirítear ar an gcritéar ar baineadh úsáid as san anailís, inter alia, – iniúchadh ar na saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le tuilte, bunaithe ar chlár Staidéir Measúnaithe i gcás Tuilte Dobharcheantar (CFRAM); achar na dtailte ó lár an bhaile; comhoiriúnacht le húsáidí tailte atá cóngarach; láithreacht láithreán lena mbaineann tábhacht caomhnaithe; inrochtaineacht agus leochaileacht amhairc. Sa bhreis ar an measúnú, tá tailte aitheanta ag an Údarás Pleanála a mheastar a bheith ar na tailte is oiriúnaí do thithíocht laistigh den bhaile agus tá na tailte seo criosaithe (a chuimsíonn 12.89 ~~11.2~~ heicteár ar an iomlán) mar 'Cónaitheach go Príomha' ~~nó mar~~ 'Láithreán Deise' nó 'Cónaitheach ar Dhlús Íseal' (LDR) ar an léarscáil chriosaithe úsáid talún atá leis seo, Léarscáil 7. Admhaíonn an Chomhairle go sáraíonn achar iomlán na dtailte a d'fhéadfadh a bheith ann do thithíocht ~~de bheagán~~ an riachtanas ar 10 heicteár atá aitheanta i gCroístraitéis an Dréacht-CDP; cuirfear cur chuige monatóireachta i bhfeidhm, áfach, ar mhaithe lena chinntiú nach mbíonn aon imeacht suntasach ó chuspóirí ná ó spriocanna na Croístraitéise.

Table 10.1: Iomlán na dTailte atá Aitheanta le Freastal ar Riachtanas Tithíochta Cónaitheach sna Cealla Beaga

Tag Láith-reáin	Criosaithe mar 'Chónaitheach go Príomha', 'Cónaitheach Íseal dlúis' no 'Láithreán Deise'	Achar an láithreáin (ha)	Líon ionchasach na n-aonad tithíochta atá le seachadadh
PR1	Cónaitheach go Príomha	0.9856 ~~0.97~~	12
PR2	Cónaitheach go Príomha	0.9035 ~~1.2~~	11 ~~14~~
PR3	Cónaitheach go Príomha	0.215 ~~0.56~~	3 ~~7~~
PR4	Cónaitheach go Príomha	2.322 ~~2.0~~	28 ~~24~~
PR5	Cónaitheach go Príomha	1.319 ~~1.3~~	16
PR6	Cónaitheach go Príomha	1.033 ~~1.0~~	12
PR7	Cónaitheach go Príomha	1.777 ~~1.77~~	21
PR8	Cónaitheach go Príomha	2.141 ~~2.1~~	26 ~~25~~
OPP5	Láithreán Deise	0.3	4
LDR	Cónaitheach Íseal dlúis	1.99	16
	Iomlán 'Cónaitheach go Príomha', & ~~LDR~~, 'Cónaitheach Íseal dlúis' agus 'Láithreán Deise'	**~~10.9~~**	**~~131~~**

AGUISÍN B

Leasuithe ar Thuilte atá ag eascairt as Measúnú Straitéiseach Riosca i gCás Tuilte

(an téacs nua léirithe i ndath gorm, an téacs atá le scriosadh amach ~~léirithe le líne tríd~~)

Téacs a bhaineann le Tagairtí: GENMA3(1), GENMA3(2), GENMA3(3), GENMA3(4), GENMA3(5), GENMA3(6), GENMA3(7) agus GENMA3(8)

Athrú Ábhartha Beartaithe Tagairt GENMA3(1):

An LAP a leasú le haschuir Céim 2 den Mheasúnú Straitéiseach i gCás Riosca Tuilte a ionchorprú mar a leanas:

(i) Le caibidil 3, roinn 3.6.1, leathanach 18 agus 19 a leasú chun go gciallóidh sé an méid seo a leanas:

'Is feiniméan nádúrtha iad imeachtaí tuilte nach féidir a chosc go hiomlán riamh. Ach ina dhiaidh sin, féadfaidh an córas pleanála príomhról a bheith aige i mbainistiú riosca i gcás tuilte trí chinntiú nach bhfuil forbairtí leochaileacha lonnaithe i gceantair atá tugtha don tuiliú agus trí chinntiú tuilleadh nach laghdaíonn forbairtí cumas stórála nádúrtha tuileamhánna nó nach gcuireann siad méadú suntasach ar rátaí rith chun srutha uisce dromchla sa bhreis ar rátaí nádúrtha.

In 2007 tháinig Treoir an AE maidir le Tuilte (2007/60/EC) chun feidhme. Bhí sé d'aidhm ag an treoir seo drochiarmhairtí tuile ar shláinte an duine, an timpeallacht, ar chultúr oidhreachta agus ar ghníomhaíocht eacnamaíochta a laghdú. Cheangal an treoir ar Bhallstáit méid na tuile agus na sócmhainní agus na ndaoine i mbaol sna ceantair seo a thomhas agus bearta leordhóthanacha agus comhordaithe a chur i gcrích chun an riosca seo a laghdú. Ina dhiaidh sin foilsíodh iad seo a leanas agus cuireann siad bonn eolais faoin mbeartas do mheasúnú riosca uile in Éirinn.

- An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (DoEHLG, 2009); agus
- Clár Náisiúnta um Measúnú agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair (CFRAMS) (OPW).

Tá Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) ainmnithe mar an ghníomhaireacht treorach do bhainistiú riosca i gcás tuile in Éirinn agus mar údarás inniúil do chur chun feidhme na Treorach maidir le Tuilte. Thosaigh an OPW i 2011 ag dul i mbun cláir Náisiúnta um Measúnú agus Bainistiú Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair(CFRAM) a bhfuil d'aidhm aige: guais tuile agus riosca tuile atá ann cheana a aithint agus a léarscáiliú i Limistéir áirithe le haghaidh Tuileadh Measúnaithe (AFA), roghanna inmharthana do bhainistiú éifeachtach agus inbhuanaithe riosca tuile sna AFAnna céanna, agus Pleananna um Bainistíocht Riosca Tuile (FRMPanna) a ullmhú lena n-áirítear straitéisí agus gníomhaíochtaí do bhainistiú inbhuanaithe agus costas-éifeachtach riosca i gcás tuile reatha agus todhchaí sna AFAnna.

Chun bonn eolais a chur faoi ullmhú an LAP seo, d'ullmhaigh an tÚdarás Pleanála tar éis ~~athbhreithniú a dhéanamh ar an eolas faoi riosca i gcás tuilte atá ar fáil chun aon saincheisteanna bainistithe tuile nó uisce dromchla a aithint trína sonraí is fearr atá ar fáil ó Staidéar Bainistíochta agus Measúnaithe Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair (CFRAM) an OPW, a luadh cheana, agus na Dréacht-Léarscáileanna Deiridh Guaise agus Riosca Tuile~~ Measúnú Straitéiseach i gCás Riosca Tuilte Céim 2 de réir an Chórais Pleanála agus na Treoirlínte Bainistithe Riosca i gcás Tuilte[1]. Clúdaíonn an SFRA gach aon bhaile de na seacht mbaile agus is doiciméad cúlra atá ann maidir leis an LAP. Bhí ullmhú léarscáil maidir le méid tuilte (Criosanna Tuilte A agus B) mar thoradh ar an SFRA agus tá siad seo curtha isteach sa roinn ábhartha sa LAP maidir le gach aon bhaile. Chuidigh an léarscáiliú chun crios tuile a ghin an SFRA ~~Staidéar CFRAMS~~ le feidhmiú an chuir chuige seicheamhaigh maidir le criosú mar a moladh sna Treoirlínte Bainistíochta Riosca Tuile agus an Córas Pleanála d'Údaráis Phleanála (2009), agus nuair is gá, an Tástáil Fíoraithe, chun

[1] **SÉANADH** Ullmhaíodh an LAP seo i gcomhréir leis an gCóras Pleanála agus na Treoirlínte Bainistithe Riosca i gcás Tuilte. Ba chóir a thabhairt ar aird áfach, go bhfuil ábhar an LAP maidir le tuilte bunaithe ar na sonraí is fearr ar fáil ag am an ullmhúcháin, a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ag athrú bunaithe ar eolas faoi riosca i gcás tuilte níos suas chun dáta agus níos ábhartha a d'fhéadfadh bheith ar fáil i rith saolré an Phlean Limistéir Áitiúil. Cuirtear gach eolas faoi riosca tuile ar fáil mar threoir bheartais ghinearálta amháin. Cuirtear in iúl do gach úinéir talún agus forbróir nach féidir le Comhairle Chontae Dhún na nGall aon fhreagracht a ghlacadh as caillteanais nó damáistí ag éirí as measúnuithe ar leochaileacht tailte, úsáidí agus forbairtí don tuiliú. Chomh maith leis seo moltar d'úinéirí, úsáideoirí agus forbróirí gach beart réasúnta a dhéanamh chun leochaileacht don tuiliú a mheas do thailte ina bhfuil suim acu iontu roimh chinntí pleanála nó forbartha a dhéanamh. Le tuilleadh eolais ar stádas léarscáiliú tuilte, tagair do www.cfram.ie

láithreáin a mheas do chriosuithe talún oiriúnacha agus an chaoi ar féidir riosca i gcás tuilte a bhainistiú mar chuid den LAP a aithint. Chomh maith le beartais bhainistíochta riosca i gcás tuilte atá leagtha amach in Aguisín 1, tá beartais bhreise bainistíochta riosca i gcás tuilte le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna atá sainiúil do Charn Domhnach leagtha amach i gCaibidil 8 den LAP seo.

Tá creat pleanála straitéiseach agus cuspóirí mionsonraithe agus bearta beartais maidir le haghaidh a thabhairt ar bhaol tuile ionchasach sa Dréacht-CDP agus bainfidh na cuspóirí agus na beartais seo le tograí forbartha laistigh de sheacht mbaile LAP. Mar sin chun éascaíocht tagartha, tá cuspóirí agus beartais tuile an Dréacht-CDP curtha ar fáil an athuair in Aguisín 1 den LAP seo.

~~De na seacht mbaile atá clúdaithe ag an LAP seo, aithnítear 5 cinn mar AFAnna (An Clochán Liath, Bealach Féich-Srath an Urláir, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall agus na Cealla Beaga) laistigh de chlár CFRAM agus tá an léarscáiliú ábhartha maidir le gach ceann acu le fáil sa chaibidil ar an mbaile ábhartha. Chomh maith leis na beartais bainistíochta riosca i gcás tuilte atá leagtha amach faoi Aguisín 1, leagtar beartais bhainistíochta riosca tuile breise amach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá sonrach do Charn Domhnach i gCaibidil 8 den LAP seo.~~

~~Ba chóir a thabhairt ar aird go bhfuil léarscáiliú CFRAM, a úsáidtear chun na criosanna tuile don LAP seo a shainmhíniú, ag an gcéim Dréacht-dheiridh agus go bhféadfadh go mbeadh athrú orthu. Ach is é léarscáiliú CFRAM an léarscáiliú crios tuile is cuimsithí atá ar fáil don chontae agus meastar go bhfuil sé oiriúnach lena úsáid mar fhorléargas straitéiseach ar riosca i gcás tuilte laistigh den chontae. Tá tuilleadh eolais ar staidéir CFRAM ar fáil ag www.cfram.ie. Is léarscáileanna tuile 'réamhthuartha' iad na léarscáileanna tuile, mar go gcuireann siad méideanna tuile réamhthuartha ar fáil agus eolas eile faoi imeacht tuile a bhfuil dóchúlacht mheasta ann go dtarlóidh siad, seachas eolas faoi thuilte a tharla san am atá caite.~~

(ii) Cuir léarscáiliú Méid Tuilte atá laistigh de Mheasúnú Straitéiseach Riosca i gCás Tuile Céim 2 in ionad léarscáiliú go léir CFRAM.

Athrú Ábhartha Beartaithe Tagairt GENMA3 (2):

(iii) Leasaigh Roinn 4.7.1, leathanach 31 faoin teideal 'Tuilte' maidir leis an gClochán Liath chun go gciallóidh sé an méid seo a leanas:

'Tuilte

Déileálann Caibidil 3 leis an tsaincheist tuilithe go ginearálta do na seacht mbaile a dtugtar aghaidh orthu sa LAP seo agus forálann go gcuirfear an réasúnaíocht agus an creat beartais atá sa Chuid ar Thuilte sa Dréacht-CDP i bhfeidhm. Tá an réasúnaíocht réamhluaite bunaithe de chuid is mó thart ar na príomhdhoiciméid seo a leanas:

- An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (DoEHLG, 2009); agus
- Clár Náisiúnta um Measúnú agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair (CFRAMS) (OPW).

Tugann Caibidil 3 réamhluaite an LAP ar aird, agus teorannacha lonnaíochta á n-aithint agus tailte don fhorbairt i rith próisis ullmhúcháin an LAP, go raibh aird chuí ag an Údarás Pleanála ar aschuir Chéim 2 den Mheasúnú Straitéiseach i gCás Riosca Tuilte ~~ar staidéar CFRAMS~~ mar an fhianaise is fearr atá ar fáil maidir le riosca tuile i ngach ceantar. Ar an gcaoi chéanna, beidh aird chuí ag an Údarás ar léarscáiliú ~~Méid Tuilte Abhann an Chlocháin Léith CFRAMS~~ a eascraíonn ón SFRA nuair is gá i measúnú iarratais phleanála i rith saolré an LAP seo. Tá athchló curtha ar léarscáiliú méid tuilte don Chlochán Liath thíos chun tagairt dó a éascú.

Athrú Ábhartha Beartaithe Tagairt GENMA3 (3):

(iv) Leasaigh Roinn 5.7.1, leathanach 52 faoin teideal 'Tuilte' maidir le Bealach Féich-Srath an Urláir chun go gciallóidh sé an méid seo a leanas:

'Tuilte

Déileálann Caibidil 3 leis an tsaincheist tuilithe go ginearálta do na seacht mbaile a dtugtar aghaidh orthu sa LAP seo agus forálann go gcuirfear an réasúnaíocht agus an creat beartais atá sa Chuid ar Thuillte sa Dréacht-CDP 2018-2024 i bhfeidhm. Tá an réasúnaíocht réamhluaite bunaithe de chuid is mó thart ar na príomhdhoiciméid seo a leanas:

- An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (DoEHLG, 2009); agus
- Clár Náisiúnta um Measúnú agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair (CFRAMS) (OPW).

Tugann Caibidil 3 réamhluaite an LAP ar aird, agus teorannacha lonnaíochta á n-aithint agus tailte don fhorbairt i rith próisis ullmhúcháin an LAP, go raibh aird chuí ag an Údarás Pleanála ar aschuir Chéim 2 den Mheasúnú Straitéiseach i gCás Riosca Tuilte ~~ar staidéar CFRAMS~~ mar an fhianaise is fearr atá ar fáil maidir le riosca tuile i ngach ceantar~~. Maidir leis seo, aithnítear Bealach Féich-Srath an Urláir mar Limistéar Tuilleadh Measúnaithe (AFA) i staidéar CFRAMS. Léiríonn Fíoracha 5.3, 5.4, 5.5 agus 5.6a foinsíodh i staidéar OPW, CFRAMS dóchúlacht mhéid na ndobharthuilte laistigh de lár an bhaile i mBealach Féich/Srath an Urláir agus is féidir tuilleadh léarscáilithe do na ceantair is faide amuigh de na bailte a fheiceáil ag www.maps.opw.ie/floodplans~~ Ar an gcaoi chéanna, beidh aird chuí ag an Údarás ar léarscáiliú Méid Tuilte a eascraíonn ón SFRA nuair is gá i measúnú iarratais phleanála i rith saolré an LAP seo. Tá athchló curtha ar léarscáiliú méid tuilte do Bhealach Féich-Srath an Urláir thíos chun tagairt dó a éascú'.

Mar eolas, tá léarscáil breise curtha ar fáil thíos freisin a aithníonn méid na gclaífoirt tuilte i lár Bhealach Féich.

Athrú Ábhartha Beartaithe Tagairt GENMA3 (4):

(v) Leasaigh Roinn 6.7.1, leathanaigh 77 agus 78 faoin teideal 'Tuilte' maidir le Béal Átha Seanaidh chun go gciallóidh sé an méid seo a leanas:

'Tuilte

Déileálann Caibidil 3 leis an tsaincheist tuilithe go ginearálta do na seacht mbaile a dtugtar aghaidh orthu sa LAP seo agus forálann go gcuirfear an réasúnaíocht agus an creat beartais atá sa Chuid ar Thuilte sa Dréacht-CDP 2018-2024 i bhfeidhm. Tá an réasúnaíocht réamhluaite bunaithe de chuid is mó thart ar na príomhdhoiciméid seo a leanas:

- An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (DoEHLG, 2009); agus
- Clár Náisiúnta um Measúnú agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair (CFRAMS) (OPW).

Tugann Caibidil 3 réamhluaite an LAP ar aird, agus teorannacha lonnaíochta á n-aithint agus tailte don fhorbairt i rith próisis ullmhúcháin an LAP, go raibh aird chuí ag an Údarás Pleanála ar aschuir Chéim 2 den Mheasúnú Straitéiseach i gCás Riosca Tuilte ~~ar staidéar CFRAMS~~ mar an fhianaise is fearr atá ar fáil maidir le riosca tuile i ngach ceantar. ~~Maidir leis seo, níor aithníodh Béal Átha Seanaidh mar Limistéar do Thuilleadh Measúnaithe (AFA) i staidéar CFRAMS. D'ainneoin seo beidh ar thograí forbartha i mBéal Átha Seanaidh comhlíontacht a léiriú le cuspóirí agus beartais measúnaithe agus bainistíochta riosca tuile atá leagtha amach sa Dréacht-CDP . (Tagraíonn Aguisín A)~~. Ar an gcaoi chéanna, beidh aird chuí ag an Údarás ar léarscáiliú Méid Tuilte a eascraíonn ón SFRA nuair is gá i measúnú iarratais phleanála i rith saolré an LAP seo. Tá athchló curtha ar léarscáiliú méid tuilte do Bhéal Átha Seanaidh thíos chun tagairt dó a éascú'.

Athrú Ábhartha Beartaithe Tagairt GENMA3 (5):

(vi) Leasaigh Roinn 7.7.1, leathanach 96 faoi theideal 'Tuilte' maidir le Ceann an Droichid chun go gciallóidh sé an méid seo a leanas:

'Tuilte

Déileálann Caibidil 3 leis an tsaincheist tuilithe go ginearálta do na seacht mbaile a dtugtar aghaidh orthu sa LAP seo agus forálann go gcuirfear an réasúnaíocht agus an creat beartais atá sa Chuid ar Thuilte sa Dréacht-CDP 2018-2024 i bhfeidhm. Tá an réasúnaíocht réamhluaite bunaithe de chuid is mó thart ar na príomhdhoiciméid seo a leanas:

- An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (DoEHLG, 2009); agus
- Clár Náisiúnta um Measúnú agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair (CFRAMS) (OPW).

Tugann Caibidil 3 réamhluaite an LAP ar aird, agus teorannacha lonnaíochta á n-aithint agus tailte don fhorbairt i rith próisis ullmhúcháin an LAP, go raibh aird chuí ag an Údarás Pleanála ar aschuir Chéim 2 den Mheasúnú Straitéiseach i gCás Riosca Tuilte 2 ~~ar staidéar CFRAMS~~ mar an fhianaise is fearr atá ar fáil maidir le riosca tuile i ngach ceantar. ~~Maidir leis seo, níor aithníodh Ceann an Droichid mar Limistéar do Thuilleadh Measúnaithe (AFA) i staidéar CFRAMS. D'ainneoin seo beidh ar thograí forbartha i gCeann an Droichid comhlíontacht a léiriú le cuspóirí agus beartais measúnaithe agus bainistíochta riosca tuile atá leagtha amach sa Dréacht-CDP . (Tagraíonn Aguisín A)~~. Ar an gcaoi chéanna, beidh aird chuí ag an Údarás ar léarscáiliú Méid Tuilte a eascraíonn ón SFRA nuair is gá i measúnú iarratais phleanála i rith saolré an LAP seo. Tá athchló curtha ar léarscáiliú méid tuilte do Cheann an Droichid thíos chun tagairt dó a éascú'.

Athrú Ábhartha Beartaithe Tagairt GENMA3 (6):

(vii) Leasaigh Roinn 8.8.2, leathanach 112 faoin teideal 'Tuilte' maidir le Carn Domhnach chun go gciallóidh sé an méid seo a leanas:

'Tuilte

Déileálann Caibidil 3 le saincheist tuilte do na seacht mbaile a dtugtar aghaidh orthu sa LAP seo agus forálann go gcuirfear an réasúnaíocht agus an creat beartais atá sa Chuid maidir le Tuilte den Dréacht-CDP 2018-2024 i bhfeidhm. Tá an réasúnaíocht réamhluaite bunaithe den chuid is mó timpeall ar na príomhdhoiciméid seo a leanas:

- Na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála -An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte (DoEHLG, 2009); agus
- An Clár Náisiúnta um Mheasúnú agus Bainistíochta Riosca Tuilte Dobharcheantar (CFRAM) (OPW)

Tugann Caibidil 3 réamhluaite an LAP ar aird, agus teorannacha lonnaíochta á n-aithint agus tailte don fhorbairt i rith próisis ullmhúcháin an LAP, go raibh aird chuí ag an Údarás Pleanála ar aschuir Chéim 2 den Mheasúnú Straitéiseach i gCás Riosca Tuilte ~~ar staidéar CFRAMS~~ mar an fhianaise is fearr atá ar fáil maidir le riosca tuile i ngach ceantar. ~~Maidir leis seo, níor aithníodh Carn Domhnach mar Limistéar do Thuilleadh Measúnaithe (AFA) i staidéar CFRAMS. D'ainneoin seo beidh ar thograí forbartha i gCarn Domhnach comhlíontacht a léiriú le cuspóirí agus beartais measúnaithe agus bainistíochta riosca tuile atá leagtha amach sa Dréacht-CDP . (Tagraíonn Aguisín A)~~. ~~Ar an gcaoi chéanna~~ I dtéarmaí bainistíocht forbartha beidh aird chuí ag an Údarás ar léarscáiliú Méid Tuilte a eascraíonn ón SFRA nuair is gá i measúnú iarratais phleanála i rith saolré an LAP seo~~. CFRAMS maidir le Méid Tuilte Charn Domhnach nuair is gá i measúnú iarratais phleanála le linn saolré an LAP seo. Tá an léarscáiliú do Charn Domhnach atáirgthe thíos ar mhaithe le tagairt a éascú (Fíor 8.5).~~ Tá athchló curtha ar léarscáiliú méid tuilte do Charn Domhnach thíos chun tagairt dó a éascú'.

Athrú Ábhartha Beartaithe Tagairt (7):

(viii) Leasaigh Roinn 9.7.1, leathanach 128 faoin teideal 'Tuilte' maidir le Baile Dhún na nGall chun go gciallóidh sé an méid seo a leanas:

'Tuilte

Déileálann Caibidil 3 le saincheist tuilte do na seacht mbaile a dtugtar aghaidh orthu sa LAP seo agus forálann go gcuirfear an réasúnaíocht agus an creat beartais atá sa Chuid maidir le Tuilte den Dréacht-CDP 2018-2024 i bhfeidhm. Tá an réasúnaíocht réamhluaite bunaithe den chuid is mó timpeall ar na príomhdhoiciméid seo a leanas:

- Na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála -An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte (DoEHLG, 2009); agus
- An Clár Náisiúnta um Mheasúnú agus Bainistíochta Riosca Tuilte Dobharcheantar (CFRAM) (OPW)

Tugann Caibidil 3 réamhluaite an LAP ar aird, agus teorannacha lonnaíochta á n-aithint agus tailte don fhorbairt i rith próisis ullmhúcháin an LAP, go raibh aird chuí ag an Údarás Pleanála ar aschuir Chéim 2 den Mheasúnú Straitéiseach i gCás Riosca Tuilte ~~ar staidéar CFRAMS~~ mar an fhianaise is fearr atá ar fáil maidir le riosca tuile i ngach ceantar. ~~Maidir leis sin, tá Baile Dhún na nGall aitheanta mar Limistéar um Measúnú Breise (AFA) i staidéar CFRAMS. Léirítear i bhFíoracha 9.1 agus 9.2 a fuarthas ó staidéar OPW CFRAMS an dóchúlacht maidir le méid dobharthuilte laistigh de lár Baile Dhún na nGall agus is féidir féachaint ar léarscáiliú breise do na ceantair is faide amach ón mbaile ar www.maps.opw.ie/floodplans~~. Ar an gcaoi chéanna, beidh aird chuí ag an Údarás ar léarscáiliú Méid Tuilte a eascraíonn ón SFRA nuair is gá i measúnú iarratais phleanála i rith saolré an LAP seo. Tá athchló curtha ar léarscáiliú méid tuilte do Bhaile Dhún na nGall thíos chun tagairt dó a éascú'.

Athrú Ábhartha Beartaithe Tagairt GENMA3 (8):

(ix) Leasaigh Roinn 10.7.2, leathanach 145 faoin teideal 'Tuilte' maidir leis na Cealla Beaga chun go gciallóidh sé an méid seo a leanas:

Déileáiltear i gCaibidil 3 le saincheist tuilte go ginearálta do na seacht mbaile a dtugtar aghaidh orthu sa LAP seo agus foráiltear go gcuirtear i bhfeidhm an réasúnaíocht agus an creat beartais atá sa Chuid maidir le Tuilte den Dréacht-CDP 2018-2024. Tá an réasúnaíocht réamhluaite bunaithe den chuid is mó timpeall ar na príomhdhoiciméid seo a leanas:

- Na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála -An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte (DoEHLG, 2009); agus
- An Clár Náisiúnta um Measúnú agus Bainistíochta Riosca Tuilte Dobharcheantar (CFRAM) (OPW)

Tugtar ar aird i gCaibidil 3 agus teorainneacha lonnaíochta agus tailte d'fhorbairt á n-aithint le linn próiseas ullmhaithe an LAP, gur thug an tÚdarás Pleanála an aird aschuir Chéim 2 den Mheasúnú Straitéiseach i gCás Riosca Tuilte ~~ar staidéar CFRAMS~~ mar an fhianaise ab fhearr a bhí ar fáil maidir leis an mbaol tuilte a bhí i ngach ceantar. ~~Maidir leis sin,~~ Ba chóir a thabhairt ar aird gur aithníodh na Cealla Beaga mar Cheantar le haghaidh Measúnú Breise (AFA) i staidéar CFRAMS agus ba é an beart ab fhearr a d'eascair as an measúnú ná cur chun cinn Scéim Faoisimh Tuilte na gCealla Beaga atá comhdhéanta de dhian chosaintí, chuig leibhéal forbartha tionscadal agus measúnú do mhionchóiriú agus d'ullmhú do phleanáil/taispeántas agus, mar is cuí, do chur i bhfeidhm. ~~Ar an gcaoi chéanna, tabharfaidh an tÚdarás an aird chuí ar léarscáiliú CFRAMS maidir le Méid Tuilte na gCealla Beaga nuair is gá i measúnú iarratais phleanála le linn saolré an LAP seo. Tá an léarscáiliú do na Cealla Beaga atáirgthe thíos ar mhaithe le tagairt a éascú (tagraíonn Fíor 10.2-10.4)~~. I dtéarmaí bainistíocht forbartha beidh aird chuí ag an Údarás ar léarscáiliú Méid Tuilte a eascraíonn ón SFRA nuair is gá i measúnú iarratais phleanála i rith saolré an LAP seo. Tá athchló curtha ar léarscáiliú méid tuilte do na Cealla Beaga thíos chun tagairt dó a éascú'.

Leasaigh an Tuarascáil Timpeallachta ag Roinn 7.3, leathanach 168 chun go gciallóidh sé an méid seo a leanas:

'7.3 Creat Straitéiseach agus Beartais laistigh den Phlean Limistéir Áitiúil
~~Breithnítear i nDréachtphlean Forbartha an Chontae 2018-2024 (an Dréacht-CDP) go gciallaíonn na Dréachtphleananna um Bainistíocht Riosca Tuile do UoM 1,35 agus 36 agus an Léarscáiliú Baol Tuile gaolmhar agus iad i dtoll a chéile plean straitéiseach bainistíochta riosca tuilte don Chontae a léiríonn an bonn eolais is fearr atá ar fáil i láthair na huaire do bhainistíocht forbartha i nDún na nGall amach anseo maidir le riosca i gcás tuilte. Maidir leis sin, baintear úsáid sa Dréacht-LAP as Pleananna um Bainistíocht Riosca Tuile agus as Léarscáiliú Baol Tuilte mar chreat straitéiseach le bonn eolais a sholáthar d'ainmniúcháin criosaithe ó thaobh treoir a chur ar fáil d'fhorbairt agus do bhonneagair nua.~~ Tugadh faoi Mheasúnú Straitéiseach i gCás Riosca Tuilte (SFRA) Céim 1 maidir le Dréachtphlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018- 2024 agus moltar sa phlean go bhfuil SFRA Céim 2 riachtanach maidir leis na seacht mbaile straitéiseacha atá clúdaithe sa LAP. Mar thoradh air sin, tá SFRA Céim 2 ullmhaithe de réir Treoirlínte d'Údaráis Phleanála -An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte. Clúdaíonn an SFRA gach aon bhaile de na seacht mbaile agus is doiciméad cúlra atá ann don LAP. Ullmhaíodh léarscáiliú maidir le méid tuilte (Criosanna Tuilte A agus B) mar thoradh ar an SFRA agus tá siad seo curtha isteach sa roinn ábhartha den chroí-dhoiciméad den LAP maidir le gach aon bhaile.

Leagtar amach sa Dréacht-LAP an straitéis fhoriomlán do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe na seacht mbaile i gcomhthéacs an Dréacht- CDP. Is iad beartais bhainistíochta forbartha ginearálta agus caighdeáin an Dréacht-CDP is infheidhme maidir leis an Dréacht-LAP. Déileáiltear i gCaibidil 3 le saincheist tuilte go ginearálta do na seacht mbaile a dtugtar aghaidh orthu sa LAP seo agus foráiltear go gcuirtear i bhfeidhm an réasúnaíocht agus an creat beartais atá sa Chuid maidir le Tuilte den Dréacht-CDP. Maidir leis sin, tá bainistiú Riosca i gCás Tuilte sa Dréacht-LAP faoi réir ag na haidhmeanna, cuspóirí agus beartais atá leagtha amach sa Dréachtphlean.

Agus teorainneacha lonnaíochta á n-aithint don Dréacht-LAP thug an tÚdarás Pleanála ar aird aschuir Mheasúnú Straitéiseach i gCás Riosca Tuilte (SFRA) ~~ar staidéar CFRAMS~~ mar an fhianaise ab fhearr a bhí ar fáil maidir leis an mbaol tuilte a bhí i ngach baile de na seacht mbaile, ~~a bhfuil cur síos déanta air thíos~~:

~~**An Clochán Liath (Dungloe)**~~
~~Níor aithníodh an Clochán Liath mar Cheantar le haghaidh Measúnú Breise (AFA) i staidéar CFRAMS.~~

~~**Bealach Féich-Srath an Urláir**~~
~~Aithníodh Bealach Féich-Srath an Urláir mar Cheantar le haghaidh Measúnú Breise (AFA) i staidéar CFRAMS agus ba é an beart ab fhearr a d'eascair as an measúnú ná cur chun cinn Scéim Faoisimh Tuilte Bhealach Féich-Srath an Urláir: Rogha 3, atá comhdhéanta de dhian chosaintí agus feabhsú iompar srutha, chuig leibhéal forbartha tionscadal agus measúnú do mhionchóiriú agus d'ullmhú do phleanáil/taispeántas agus, mar is cuí, do chur i bhfeidhm. Ar an gcaoi chéanna, tabharfaidh an tÚdarás an aird chuí ar léarscáiliú CFRAMS maidir le Méid Tuilte Bhealach Féich-Srath an Urláir nuair is gá i measúnú iarratais phleanála le linn saolré an LAP. Léirítear i bhFíor 7.1 a fuarthas ó staidéar CFRAMS an OPW dóchúlacht méid tuilte laistigh de lár an bhaile i mBealach Féich-Srath an Urláir agus is féidir féachaint ar léarscáiliú breise do na ceantair lasmuigh den bhaile ag www.maps.opw.ie/floodplans.~~

~~**Béal Átha Seanaidh**~~
~~Níor aithníodh Béal Átha Seanaidh mar Cheantar le haghaidh Measúnú Breise (AFA) i staidéar CFRAMS.~~

~~**Ceann an Droichid**~~
~~Níor aithníodh Ceann an Droichid mar Cheantar le haghaidh Measúnú Breise (AFA) i staidéar CFRAMS.~~

~~Carn Domhnach~~

~~Aithníodh Carn Domhnach mar Cheantar le haghaidh Measúnú Breise (AFA) i staidéar CFRAMS agus ba é an beart ab fhearr a d'eascair as an measúnú ná cur chun cinn Scéim Faoisimh Tuilte Charn Domhnach Rogha 1, atá comhdhéanta de stóras, de dhian chosaintí agus feabhsú iompar srutha, chuig leibhéal forbartha tionscadal agus measúnú do mhionchóiriú agus d'ullmhú do phleanáil/taispeántas agus, mar is cuí, do chur i bhfeidhm. Ar an gcaoi chéanna, tabharfaidh an tÚdarás an aird chuí ar léarscáiliú CFRAMS maidir le Méid Tuilte Charn Domhnach nuair is gá i measúnú iarratais phleanála le linn saolré an LAP~~. ~~Léirítear i bhFíor 7.2 a fuarthas ó staidéar CFRAMS an OPW dóchúlacht méid tuilte laistigh de lár an bhaile i gCarn Domhnach agus is féidir féachaint ar léarscáiliú breise do na ceantair lasmuigh den bhaile ag www.maps.opw.ie/floodplans~~.

AGUISÍN C

LÉARSCÁILEANNA DE NA hATHRUITHE ÁBHARTHA BEARTAITHE AR DHRÉACHTPHLEAN LIMISTÉIR ÁITIÚIL NA SEACHT MBAILE STRAITÉISEACHA 2018-2024

AGUISÍN C1

LÉARSCÁILEANNA DE NA HATHRUITHE ÁBHARTHA BEARTAITHE DON CHLOCHÁN LIATH

AGUISÍN C2

LÉARSCÁILEANNA DE NA HATHRUITHE ÁBHARTHA BEARTAITHE DO BHEALACH FÉICH-SRATH AN URLÁIR

AGUISÍN C3

LÉARSCÁILEANNA DE NA HATHRUITHE ÁBHARTHA BEARTAITHE DO BHÉAL ÁTHA SEANAIDH

AGUISÍN C4

LÉARSCÁILEANNA DE NA HATHRUITHE ÁBHARTHA BEARTAITHE DO CHEANN AN DROICHID

AGUISÍN C5

LÉARSCÁILEANNA DE NA HATHRUITHE ÁBHARTHA BEARTAITHE DO CHARN DOMHNACH

AGUISÍN C6

LÉARSCÁILEANNA DE NA HATHRUITHE ÁBHARTHA BEARTAITHE DO BHAILE DHÚN NA NGALL

AGUISÍN C7

LÉARSCÁILEANNA DE NA HATHRUITHE ÁBHARTHA BEARTAITHE DO NA CEALLA BEAGA